C/2025/5242

29.9.2025

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Iúil 2025

lena dtugtar treoir do Riarthóir Lárnach Chlárlann an Aontais ceartúcháin ar tháblaí náisiúnta leithdháilte na Seicia, na Gearmáine, na Fraince, na hÍsiltíre agus na Fionlainne a chur isteach i gClárlann an Aontais

(C/2025/5242)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]),

Ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais ([2]), agus go háirithe Airteagal 47(3), an dara fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuir na Ballstáit liosta na suiteálacha laistigh dá gcríoch faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 11(1) de Threoir 2003/87/CE.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 2 de Chinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún ([3]), ní dhearna an Coimisiún aon agóid i gcoinne liostaí na suiteálacha a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE faoi mar a thíolaic an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn, seachas mar a leagtar amach in Airteagal 1 den Chinneadh sin agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis.

(3) Maidir le réamh-mhéideanna bliantúla na lamháltas saor in aisce in aghaidh na suiteála, rinne na Ballstáit iad a chinneadh agus thug siad fógra ina leith trí úsáid a bhaint as na luachanna tagarmhairc athbhreithnithe arna gcinneadh i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún ([4]), de bhun Airteagal 14(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún ([5]).

(4) In Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/927 ón gCoimisiún ([6]), ba é an cinneadh a rinneadh nár ghá aon choigeartú a chur i bhfeidhm ar réamh-mhéideanna bliantúla na lamháltas saor in aisce de bhun Airteagal 10a(5) de Threoir 2003/87/CE, toisc nár mhó an t-éileamh ná an t-uasmhéid.

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.
([2]) IO L 177, 2.7.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1122/oj.
([3]) Cinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le bearta cur chun feidhme náisiúnta le haghaidh leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 68, 26.2.2021, lch. 221, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1122/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún an 12 Márta 2021 lena gcinntear luachanna tagarmhairc athbhreithnithe maidir le lamháltais astaíochtaí a leithdháileadh saor in aisce le haghaidh na tréimhse ó 2021 go 2025 de bhun Airteagal 10a(2) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 87, 15.3.2021, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/447/oj).
([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena gcinntear rialacha idirthréimhseacha uile-Aontais le haghaidh leithdháileadh lamháltas astaíochtaí saor in aisce ar bhealach comhchuibhithe de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 59, 27.2.2019, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/331/oj).
([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/927 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2021 lena gcinntear an fachtóir ceartúcháin trasearnála aonfhoirmeach chun leithdháiltí lamháltas astaíochtaí saor in aisce a choigeartú le haghaidh na tréimhse 2021 go 2025 (OJ L 203, 9.6.2021, p. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/927/oj).

(5) Thug an tSeicia fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litir dar dáta an 23 Meitheamh 2025. Ceartaíodh leibhéil gníomhaíochta stairiúla na bhfoshuiteálacha teasa agus na bhfoshuiteálacha astaíochtaí próisis le haghaidh shuiteáil CZ-167. Rinneadh foshuiteáil téimh ceantair laistigh de shuiteáil CZ-128 a dheighilt ina foshuiteáil teasa agus ina foshuiteáil téimh ceantair.

(6) Thug an Ghearmáin fógra faoi athruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litir dar dáta an 3 Iúil 2025. Ceartaíodh fachtóir inmhalartaitheachta leictreachais na foshuiteála cruach carbóin ó stuafhoirnéis leictreach le haghaidh shuiteáil DE-63. Ceartaíodh fachtóirí inmhalartaitheachta leictreachais na foshuiteála cruach carbóin ó stuafhoirnéis leictreach agus na foshuiteála cruach ard-chóimhiotail ó stuafhoirnéis leictreach le haghaidh shuiteáil DE-67. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa le haghaidh shuiteáil DE-1134. Ceartaíodh stádas an ghineadóra leictreachais le haghaidh shuiteáil DE-1255. Ceartaíodh stádas an ghineadóra leictreachais le haghaidh shuiteáil DE-1687. Cuireadh foshuiteáil breosla le suiteáil DE-1687. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa le haghaidh shuiteáil DE-1868.

(7) Thug an Fhrainc fógra faoi athruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litir dar dáta an 4 Iúil 2025. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa le haghaidh shuiteáil FR-12. Cuireadh foshuiteáil breosla le suiteáil FR-12. Ceartaíodh an roinnt ina bhfoshuitéalacha le haghaidh shuiteáil FR-443. Ceartaíodh leibhéil gníomhaíochta stairiúla na foshuiteála páipéir mhín bhratathe agus na foshuiteála teasa le haghaidh shuiteáil FR-443. Ina theannta sin, cuireadh foshuiteáil páipéir mhín neamhbhratathe agus foshuiteáil breosla le suiteáil FR-443. Ceartaíodh leibhéil gníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa agus na foshuiteála breosla le haghaidh shuiteáil FR-825. Ceartaíodh leibhéil gníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa agus na foshuiteála breosla le haghaidh shuiteáil FR-206282.

(8) Thug an Ísiltír fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litreacha dar dáta an 24 Feabhra 2025 agus an 21 Bealtaine 2025. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa le haghaidh shuiteáil NL-111. Ceartaíodh na leibhéil ghníomhaíochta stairiúla, na fachtóirí inmhalartaitheachta leictreachais agus na hallmhairí teasa ó shuiteálacha neamh-ETS le haghaidh na foshuiteála teasa, na foshuiteála breosla, na foshuiteála galscoiltiúcháin, na foshuiteála cumhrán, na foshuiteála stiréine agus na foshuiteála ocsaíde eitiléine/gliocóil eitiléine laistigh de shuiteáil NL-383.

(9) Thug an Fhionlainn fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litir dar dáta an 3 Iúil 2025. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála téimh ceantair le haghaidh shhuiteáil FI-26. Ceartaíodh leibhéil gníomhaíochta stairiúla na foshuiteála cláir cartáin neamhbhratathe, na foshuiteála cláir cartáin bhratathe agus na foshuiteála teasa le haghaidh shuiteáil FI-396. Cuireadh foshuiteáil laín páipéir athshlánaithe le suiteáil FI-399. Ceartaíodh leibhéil gníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa, na foshuiteála breosla, agus na foshuiteála astaíochtaí próisis le haghaidh shuiteáil FI-444. Ceartaíodh fachtóir inmhalartaitheachta leictreachais na foshuiteála cruach ard-chóimiotail ó stuafhoirnéis leictreach le haghaidh shuiteáil FI-444. Rinneadh foshuiteáil teasa sceite carbóin laistigh de shuitéail FI-445 a dheighilt ina foshuiteáil teasa sceite carbóin agus ina foshuiteáil teasa sceite carbóin. Ceartaíodh leibhéil gníomhaíochta stairiúla na bhfoshuiteálacha astaíochtaí próisis le haghaidh shuiteáil FI-458. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa le haghaidh shuiteáil FI-568. Ceartaíodh leibhéil gníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa agus na foshuiteála breosla le haghaidh shuiteáil FI-623. Ceartaíodh allmhairí teasa ó shuiteálacha neamh-ETS le haghaidh na foshuiteála galscoiltiúcháin agus na foshuiteála feanóil/aicéatóin laistigh de shuiteáil FI-623. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála breosla le haghaidh shuiteáil FI-206121. Baineadh an fhoshuiteáil astaíochtaí próisis de FI-206121. Ceartaíodh leibhéil gníomhaíochta stairiúla na foshuiteála breosla agus na foshuiteála astaíochtaí próisis le haghaidh shuiteáil FI-206136.

(10) Tá na táblaí náisiúnta leithdháilte faoina dtugtar fógra i gcomhréir le hAirteagal 10c de Threoir 2003/87/CE agus i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 agus Cinneadh (AE) 2021/355.

(11) Dá bhrí sin, is iomchuí treoir a thabhairt don riarthóir lárnach na ceartúcháin sin a chur isteach ar Chlárlann an Aontais,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal Aonair

Tugtar treoir leis seo do riarthóir lárnach Chlárlann an Aontais ceartúcháin ar tháblaí náisiúnta leithdháilte na Seicia, na Gearmáine, na Fraince, na hÍsiltíre agus na Fionlainne, in éineacht leis na méideanna deiridh bliantúla den leithdháileadh lamháltas astaíochtaí saor in aisce idirthréimhseach, le haghaidh na tréimhse ó 2021 go 2025, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, a chur isteach i gClárlann an Aontais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Wopke HOEKSTRA
Comhalta den Choimisiún

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát an tSeicia

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
CZ000000000000128	128	Elektrárna Tisová	Elektrárna Tisová, a.s.	9 237	8 999	8 762	8 525	8 287	43 810
CZ000000000000167	167	TAMERO INVEST s.r.o.	TAMERO INVEST s.r.o.	104 156	101 480	98 804	96 128	93 451	494 019
			IOMLÁN	113 393	110 479	107 566	104 653	101 738	537 829

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát an Ghearmáin

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
DE000000000000063	63	Elektrostahlwerk mit Nebenanlagen	ESF Elbe-Stahlwerke Feralpi GmbH	43 022	43 022	43 022	43 022	43 022	215 110
DE000000000000067	67	Elektrostahlwerk	ArcelorMittal Hamburg GmbH	64 291	64 291	64 291	64 291	64 291	321 455
DE000000000001134	1134	EVC I	GLOBALFOUNDRIES Dresden Module Two Limited Liability Company & Co. KG	4 346	4 234	4 123	4 011	3 899	20 613
DE000000000001255	1255	Heizwerk Dieselstraße (HW Dieselstraße)	EVH GmbH	274	267	260	253	246	1 300
DE000000000001687	1687	Kartoffelverarbeitungswerk Aldrup	Agrarfrost GmbH	28 285	28 285	28 285	28 285	28 285	141 425
DE000000000001868	1868	EVC II	GlobalFoundries Dresden Module One LLC & Co. KG	6 511	6 343	6 176	6 009	5 841	30 880
			IOMLÁN	146 729	146 442	146 157	145 871	145 584	730 783

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát an Fhrainc

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
FR000000000000012	12	Chaufferie INTERSNACK FRANCE - Montigny-Lengrain	INTERSNACK	1 874	1 874	1 874	1 874	1 874	9 370
FR000000000000443	443	PAPETERIES DU LEMAN	PAPETERIES DU LEMAN	5 911	5 911	5 911	5 911	5 911	29 555
FR000000000000825	825	Chaufferie BUTACHIMIE	BUTACHIMIE SNC	547 797	547 797	547 797	547 797	547 797	2 738 985
FR000000000206282	206282	Unilin Bazeilles	UNILIN SAS	87 782	87 782	87 782	87 782	87 782	438 910
			IOMLÁN	643 364	643 364	643 364	643 364	643 364	3 216 820

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát an Ísiltír

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
NL000000000000111	111	Chemours Netherlands B.V.	Chemours Netherlands B.V.	52 400	52 400	52 400	52 400	52 400	262 000
NL000000000000383	383	Shell Nederland Chemie BV, vestiging Moerdijk	Shell Nederland Chemie BV	1 619 991	1 619 991	1 619 991	1 619 991	1 619 991	8 099 955
			IOMLÁN	1 672 391	1 672 391	1 672 391	1 672 391	1 672 391	8 361 955

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát an Fhionlainn

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
FI0000000000000026	26	Suomenojan voimalaitos	Fortum Power and Heat Oy	68 883	67 113	65 343	63 573	61 803	326 715
FI0000000000000396	396	Stora Enso Oyj, Imatran tehtaat	Stora Enso Oyj	248 725	248 725	248 725	248 725	248 725	1 243 625
FI0000000000000399	399	Stora Enso Oyj Varkauden tehtaat	Stora Enso Oyj	84 159	84 159	84 159	84 159	84 159	420 795
FI0000000000000444	444	Outokumpu Tornion tehtaat	Outokumpu Chrome Oy, Outokumpu Stainless Oy	717 340	717 340	717 340	717 340	717 340	3 586 700
FI0000000000000445	445	Raahen terästehdas	Raahen Voima Oy, SSAB Europe Oy	3 302 175	3 302 175	3 302 175	3 302 175	3 302 175	16 510 875
FI0000000000000458	458	Lapinlahden lämpölaitos	Adven Oy	16 285	15 866	15 448	15 030	14 611	77 240
FI0000000000000568	568	Joutsenon laitos	Adven Oy	10 955	10 955	10 955	10 955	10 955	54 775
FI0000000000000623	623	Borealis Polymers Oy:n tuotantolaitokset	Borealis Polymers Oy	577 590	577 590	577 590	577 590	577 590	2 887 950
FI0000000000206121	206121	Boliden Kokkola Oy, sinkkitehdas	Boliden Kokkola Oy	48 462	48 462	48 462	48 462	48 462	242 310
FI0000000000206136	206136	Boliden Harjavalta Oy, Harjavallan tehtaat	Boliden Harjavalta Oy	42 767	42 767	42 767	42 767	42 767	213 835

IOMLÁN	5 117 341	5 115 152	5 112 964	5 110 776	5 108 587	25 564 820